# An Clog a Léamh agus Clár Ama a Chruthú

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais – am, meastachán<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn, Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint* |
| **Próisis** | **Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna matamaiticiúla**<br>• ábhair agus matamaitic chuí do thasc a roghnú<br>• tosú a eagrú a gcuid oibre féin agus oibriú go córasach<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | clog, uair, bomaite, i ndiaidh, go dtí, a chlog, ceathrú, leath, níos luaithe, níos déanaí, deiridh, roimh, i ndiaidh, analógach, digiteach, clár ama |
| **Áiseanna** | cloig dhigiteacha agus analógacha, páipéar, pinn luaidhe |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Athbhreithniú béil go dtí an uair, leathuair agus ceathrú uaire, cloig analógacha agus dhigiteacha in úsáid.

### 2 Gníomhaíocht 2

Tá an rang roinnte ina dhá ghrúpa, beidh cloig analógacha ag grúpa amháin agus cloig dhigiteacha ag an ghrúpa eile. Roghnóidh siad am ar a seal lena léiriú sa dá fhormáid. Mar shampla, má tá an dalta leis an chlog analógach ag léiriú ceathrú go dtí a 9, léiríonn an dalta eile 8:45 leis an chlog dhigiteach.

### 3 Gníomhaíocht 3

Cruthaíonn na daltaí a gcuid clár ama físeach le cur síos a dhéanamh ar a lá, nó leis an dóigh ar mhaith leo a lá a chaitheamh. Tugann siad amanna tosaithe agus amanna críochnaithe do gach gníomhaíocht agus deir siad cá fhad a mhair gach ceann.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén t-am atá le feiceáil ar an chlog seo?<br>• Cad é atá uair amháin/30 bomaite níos déanaí nó luaithe ná...? | • Cad é an t-am is fearr leat den lá agus cad chuige? |

## Difreáil

Úsáideann na daltaí an fhormáid ama a bhfuil muinín acu aisti i nGníomhaíocht 2 agus 3. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.